**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2026)0198

## Simpliú cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga)

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Meitheamh 2026 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689 agus (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le simpliú cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga) (COM(2025)0836 – C10-0304/2025 – 2025/0359(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0836),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0304/2025),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Aibreán 2026[1],

– ag féachaint do thuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Márta 2026[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 7 Bealtaine 2026[3],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas faoi Riail

---

[1] IO C, C/2026/2285, 15.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2285/oj
[2] Tuairim an 18 Márta 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[3] Tuairim an 7 Bealtaine 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag na coistí freagracha, agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 13 Bealtaine 2026 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile faoi Riail 59 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas agus ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0073/2026),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é[4];

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[4] Tá an seasamh seo ag gabháil in ionad na leasuithe a glacadh an 26 Márta 2026 (Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2026)0098).

**P10_TC1-COD(2025)0359**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Meitheamh 2026 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2023/1230 a mhéid a bhaineann le simpliú cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an Intleacht Shaorga)**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2026/1744).*